



Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals

Tuarascáil Bhliantúil 2012

Lena n-áirítear:

Tuarascáil na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
Tuarascáil Bhord Clárúcháin na nOibríthe Sóisialta
Tuarascáil Bhord Clárúcháin na Radagrafaihte

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
Health and Social Care Professionals Council

Clár Ábhar	Lch
Giorrúcháin agus sainmhínte	5
Céard is CORU ann?	6
2012 ar aon amharc amháin	7
1. Tuarascáil na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh	8
1.1 Ráiteas an Chathaoirligh	8
1.2 Réamhrá an POF	10
1.3 Cúlra	12
1.4 Gníomhaíochtaí na Comhairle in 2012	14
1.4.1 Clárúchán	
1.4.2 Oideachas	
1.4.3 Seirbhísí Corparáideacha	
1.4.4 Cumarsáid	
1.4.5 Gníomhaíochtaí eile	
1.5 Cruinnithe agus coistí na Comhairle 2012	20
2. Tuarascáil Bhord Clárúcháin na nOibríthe Sóisialta	25
2.1 Cúlra	26
2.2 Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2012	28
2.2.1 Clárúchán	
2.2.2 An tÚdarás Inniúil chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí a baineadhach lasmuigh den Stát	
2.2.3 Oideachas	
2.2.4 Cumarsáid le hoibríthe sóisialta	
2.3. Cruinnithe agus coistí an Bhoird 2012	36
3. Tuarascáil Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe	37
3.1 Cúlra	38
3.2 Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2012	39
3.2.1 Ballraíocht an Bhoird	
3.2.2 Ullmhúchán chun Clár na Radagrafaithe a oscailt	
3.2.3 Oideachas	
3.3. Cruinnithe an Bhoird agus grúpaí comhairleacha	40

4. Aguisíní	41
Aguisín 1: Cuspóir agus dualgais na Comhairle	41
Aguisín 2: Comhaltaí na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus freastal ar chruinnithe in 2012	43
Aguisín 3: Cuspóir agus dualgais na mbord clárúcháin	46
Aguisín 4: Ballraíocht Bhord Clárúcháin na nOibríthe Sóisialta agus freastal ar chruinnithe in 2012	47
Aguisín 5: Ballraíocht Bhord Clárúcháin na Radagrafaiithe agus freastal ar chruinnithe in 2012	50
Aguisín 6: Ráiteas maidir le costais	53

Giorrúcháin agus sainmhínte

Acht	An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005
Bord	Bord Clárúcháin
POF	An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin
Coiste	Coiste Comhairleach na Comhairle/an Bhoird faoi chathaoirleacht comhalta den Chomhairle/den Bhord, a dhéanann moltaí lena gcinneadh ag an gComhairle/ ag an mBord
CORU	Bratchomhlacht atá freagrach as gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a rialáil, lena n-áirítear an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus an 12 bhord clárúcháin atá le bunú faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005
Comhairle	An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
Roinn	An Roinn Sláinte
HCPC	An Chomhairle um Ghairmeacha Sláinte agus Cúraim
AD	Acmhainní Daonna
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
IASW	Cumann Oibrithe Sóisialta na hÉireann
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
Aire	An tAire Sláinte
Cláraitheoir	An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin le linn di a cuid dualgas a fheidhmiú mar Chláraitheoir do na boird chlárúcháin
Bord clárúcháin	Bord clárúcháin aonair do cheann de na gairmeacha atá cumhdaithe faoin Acht
RRB	Bord Clárúcháin na Radagrafaithe
SWRB	Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta
CL	Coibhéis lánaimseartha

Céard is CORU ann?

Is é CORU an bratchomhlacht atá freagrach as an bpobal a chosaint trí iompar gairmiúil agus oideachas, oiliúint agus inniúlacht ghairmiúil ardchaighdeán a chothú i measc chláraithe na ngairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh ainmnithe. Tá sé freagrach don Aire Sláinte.

Is éard atá in CORU an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (an Chomhairle), a bunaíodh in 2007, agus an 12 bhord clárúcháin atá le bunú faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (an tAcht), a bhaineann leis na gairmeacha seo a leanas:

Bithcheimiceoirí clínicíúla	Fisiteiripeoirí
Diaitéitigh	Síceolaithe
Eolaithe míochaine	Radagrafaithe
Teiripeoirí saothair	Oibrithe cúraim shóisialaigh
Ortoptaigh	Oibrithe sóisialta
Coslianna	Teiripeoirí urlabhra agus teanga

Tá Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta agus Bord Clárúcháin na Radagrafaithe bunaithe ag an Aire go dtí seo. Bunófar na boird eile de réir a chéile.

Nuair a bheidh an 12 chlár atá ainmnithe san Acht ag feidhmiú go hiomlán, beidh CORU, ina iomláine, freagrach as breis agus 20,000 gairmí a chlárú. Táthar ag súil go ndéanfar Bord na Radharcmeastóirí, ar a gcláraítear radharceolaithe agus radharcmeastóirí urghnaimh, a chumasc le CORU in 2014. Tá athruithe reachtacha ag teastáil chun an próiseas seo a thabhairt chun críche.

2012 ar aon amharc amháin

- Bunaíodh Bord Clárúcháin na Radagrafaihte
- An chéad toghchán do bhallraíocht de Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta
- Cuireadh Leasuithe ar an Acht i bhfeidhm
- Achtaíodh Ionstraimí Reachtúla:
 - An Riail um Theorainneacha Ama maidir le Táillí Bliantúla a Íoc chun Clárúchán a Choinneáil, 2012
 - An Fodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh chun Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta, 2012
 - An Fodhlí um Chritéir chun Oibrithe Sóisialta a Chur ar Ais ar Chlár na nOibrithe Sóisialta, 2012
- Tugadh córais chorparáideacha chun críche, agus rinneadh feabhsuithe inmheasta maidir le hairgeadas, le soláthar, le hiniúchadh, le riosca agus rialachas, le cumarsáid agus le hacmhainní daonna
- Seoladh seirbhísí clárúcháin ar líne
- Soláthraíodh seirbhísí comhroinnte i bpárolla, seirbhísí priontála, tacaíocht TFC agus acmhainní daonna
- Méadaíodh líon na mball foirne 20% go dtí 18
- Críochnaíodh na chéad cheaduithe agus athbhreithnithe monatóireachta ar chúrsaí ollscoile faoi Chuid 5 den Acht
- Forbraíodh struchtúir agus sásraí chun tacú le tús an tsásra um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh in 2013

1. Tuarascáil na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

1.1 Ráiteas an Chathaoirligh

Mar Chathaoirleach na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle le haghaidh 2012 a chur i láthair.

Tá dul chun cinn suntasach déanta againn i mbliana ó thaobh ár gcuspóir a bhaint amach, is é sin, an pobal a chosaint trí na gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a rialáil. Tháinig an chéad bhliain iomlán ina raibh Clár na nOibrithe Sóisialta ag feidhmiú chun deiridh in 2012 agus i mí Eanáir, ceapadh an dara bord clárúcháin, Bord Clárúcháin na Radagrafaithe. Bhíothas ag fanacht ar cheapacháin ar bhoird chlárúcháin le haghaidh diaitéiteach, teiripeoirí saothair agus teiripeoirí urlabhra agus teanga ag deireadh na bliana.

I rith 2012, leanadh ar aghaidh leis an obair chun an creat reachtaíochta atá mar bhonn le feidhmeanna CORU a fhorbairt. I Márta, achtaíodh Ionstraim Reachtúil Uimh. 77 de 2012 (An Riail um Theorainneacha Ama maidir le Táillí Bliantúla a Íoc chun Clárúchán a Choinneáil 2012). Leagtar amach an tréimhse ama ann ina gcaithfidh cláraithe táillí coinneála a íoc leis an gComhairle an dara huair agus ina dhiaidh sin d'fhonn clárúchán a choinneáil i gclár a ngairme ainmnithe. I mí na Nollag, shínigh an tUachtarán Ó hUiginn leasuithe ar an Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 ina ndlí. Nuair a chuirfear i bhfeidhm iad, beifear in ann ainmnithigh ghairmiúla a cheapadh chun na Comhairle, athruithe a dhéanamh ar na critéir chlárúcháin, agus Treoir an AE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint a chur i bhfeidhm tuilleadh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí na Comhairle as a gcuid oibre tiomanta i rith 2012, obair a rinneadh ar bhonn deonach go huile is go hiomlán. D'éirigh comhalta den Chomhairle, Sharon Foley, as oifig i Meitheamh, fad agus a chríochnaigh Comhalta den Chomhairle, Julie Ling, agus breathnadóir na Comhairle, Monica Egan a gcuid téarmaí i Lúnasa. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as an gcion ríthábhachtach atá déanta acu ar son na Comhairle.

Thug na ceithre choiste de chuid na Comhairle tacaíocht ríthábhachtach don Chomhairle in 2012. Ba mhaith liom a chur in iúl go bhfuil mé féin agus an Chomhairle buíoch de na comhaltaí de na coistí seo as ucht a gcuid tiomantais agus saineolais. Ar son na Comhairle,

ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin agus le foireann CORU as ucht a gcuid oibre crua agus a a gcuid díograise.

I rith 2012, lean an tAire Sláinte agus foireann a Roinne ar aghaidh ag tacú le CORU inár gcuid oibre. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as seo, agus táim ag tnúth le leanúint den dea-chaidreamh seo sa bhliain atá ag teacht de réir mar a dhéanfar tuilleadh gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh a rialáil.

Is deas liom a chur in iúl gur bhain an Chomhairle gach uile cheanglas amach faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 le linn 2012. Anuas air sin, bhí an Chomhairle go hiomlán comhlíontach i dtaobh cúrsaí cánach de, agus chomhlíon sí an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tom Jordan
Cathaoirleach

1.2 Réamhrá an POF

Mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus leis na comhaltaí den Chomhairle, lena n-áirítear na breathnadóirí, as ucht a gcuid tiomantais agus tacaíochta d'obair na heagraíochta i rith na bliana. D'oibrigh an Bord go héifeachtach leis na boird chlárúcháin i i rith 2012, agus tacaíocht agus treoir á tabhairt aige de réir mar a chomhlíon siad a gcuid feidhmeanna faoin Acht.

Tháinig fás agus forbairt ar CORU i rith 2012, agus iad ag obair ar mhaithe lenár bpríomhspríoc a bhaint amach, is é sin an pobal a chosaint. Tháinig méadú ar líon na gcláraithe oibre sóisialta, agus d'athnuaigh go leor díobh a gclárúchán den chéad uair i mí Bealtaine.

Cheap an tAire Sláinte an dara bord clárúcháin, Bord Clárúcháin na Radagrafaithe, i mí Eanáir 2012. Rinne an Bord, agus an Coiste Feidhmiúcháin ag tacú leo, obair chrua i rith na bliana mar ullmhúchán chun Clár na Radagrafaithe a oscailt, rud a bhfuiltear ag súil leis in 2013. Rinneadh ullmhúchán freisin i rith 2012 chun tuilleadh boird chlárúcháin a ionduchtú agus chun freastal orthu, boird a rabhthas fós ag feitheamh orthu ag deireadh na bliana.

D'éag téarmaí oifige seisear comhaltaí de Bhord Clárúcháin na nOibríthe Sóisialta i mí Lúnasa. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo, agus le comhalta eile a d'éirigh as oifig i mí Iúil, as an gcion atá déanta acu ar son an Bhoird sna chéad bhlianta rithabhachtacha ina raibh sé ar bun. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh an gcomhalta nua a ghlac áit ar an mBord i Lúnasa, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí a d'fhan ar an mBord as an obair chrua atá déanta acu, agus iad ag treabhadh leo i mbun feidhmeanna an Bhoird cé go raibh líon níos lú díobh ann. Ní mór buíochas a ghabháil freisin leis na comhaltaí de dhá choiste agus de Phainéal Measúnóirí Bhord Clárúcháin na nOibríthe Sóisialta. Tá obair na ngrúpaí seo mar bhonn agus mar thaca ag cinnteoireacht Bhord Clárúcháin na nOibríthe Sóisialta.

Méadaíodh líon na mball foirne go dtí 18 i rith 2012 i gcomhréir leis an ualach oibre méadaithe atá ag CORU. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh na baill foirne nua chuig an bhfoireann, agus buíochas a ghabháil leo agus leis an gcuid eile den fhoireann as an obair choinsiasach gan staonadh atá déanta acu i rith na bliana. Earcaíodh go leor den fhoireann atá againn trí phróiseas ath-implonaithe an rialtais agus gabhaimid buíochas leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí as ucht a gcuid cúnamh sna cúrsaí sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Roinn Sláinte, go háirithe leis an Aonad um Rialú Gairmiúil, as ucht a gcuid tacaíochta agus cúnamh leanúnaigh. Ba mhaith liom a chur in iúl freisin go bhfuil mé buíoch de na comhlachtaí rialála eile, sa bhaile agus thar lear, as a bheith ar fáil gan stró chun comhairle a thabhairt agus a gcuid taithe i réimse na rialála a chomhroinnt.

Ginny Hanrahan

Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

1.3 Cúlra

Ritheadh an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, in 2005. Déantar foráil san Acht maidir le córas rialála a bhunú do 12 ghairm shláinte agus chúraim shóisialaigh ainmnithe. Is é an cuspóir an pobal a chosaint trí iompar gairmiúil agus oideachas, oiliúint agus inniúlacht ghairmiúil ardchaighdeáin a chothú i measc chláraithe na ngairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh ainmnithe. Is iad na gairmeacha sin ná:


- Bithcheimiceoirí clínicíúla
- Daitéitigh
- Eolaithe míochaine
- Teiripeoirí saothair
- Ortoptaigh
- Coslianna
- Fisiteiripeoirí
- Síceolaithe
- Radagrafaithe
- Oibríthe cúraim shóisialaigh
- Oibríthe sóisialta
- Teiripeoirí urlabhra agus teanga.

Ceapfaidh an tAire Sláinte bord clárúcháin le tabhairt faoi fheidhmeanna clárúcháin agus oideachais do gach ceann de na gairmeacha atá le rialáil. Is comhlachtaí neamhspleácha corpraithe iad boird chlárúcháin agus tá síorchomharbas chomh maith lena séala féin acu.

Déanann bunú agus oibriú rianúil an chórais rialála atá beartaithe a éascú, déantar foráil san Acht maidir le Comhairle neamhspleách a bhunú mar chomhlacht corpraithe. Beidh an Chomhairle féinmhaoinitheach, faoi dheoidh, nuair a bheidh na cláir i mbun feidhme. Is comhlacht uathúil í an Chomhairle i gcóras rialála reachtúil na hÉireann le haghaidh na ngairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh, toisc gurb é an t-aon rialtóir amháin é a dhéileálann le roinnt gairmeacha. I measc phríomhfheidhmeanna na Comhairle tá maoirsiú agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na mbord clárúcháin déanann comhsheasmhacht sa chóras rialála a chinntiú. Tá cuspóirí agus dualgais na Comhairle le fáil in Aguisín 1.

Is éard atá sa Chomhairle ionadaí amháin ó gach ceann de na gairmeacha atá le rialáil, chomh maith le tuata comhfhreagrach. Lena chinntiú go gcoimeádtar tromlach tuataí,

comhalta tuata atá sa chathaoirleach chomh maith. Síníodh leasuithe reachtacha, ionas go bhféadfaí na hainmnithigh ghairmiúla a cheapadh chun na Comhairle sula mbunófaí a gcuid bord clárúcháin, ina ndlí i mí na Nollag 2012. Táthar ag súil go ndearbhóidh an tAire Sláinte ceapacháin na n-ainmnitheach mar chomhaltaí iomlána de chuid na Comhairle go luath sa bhliain 2013. Tá ballraíocht na Comhairle agus freastal ar chruinnithe na Comhairle i rith 2012 le fáil in Aguisín 2.



1.4 Gníomhaíochtaí na Comhairle in 2012

Leis an Acht, tugtar freagracht do gach bord clárúcháin as comhlíonadh na bhfeidhmeanna clárúcháin agus oideachais a bhaineann lena ghairm ar leith. Níl an Chomhairle freagrach go díreach as na feidhmeanna seo, agus ina ionad sin, tá ról fhoriomlána mhaoirseachta agus chomhordaithe aici. Is sa chomhthéacs seo a eisiúnn an Chomhairle treoirínte do bhoird chlárúcháin, lena n-áirítear maidir le fodhlíthe a dhéanamh atá mar bhonn agus mar thaca ag na riachtanais clárúcháin. Cinntíonn ról chomhordaithe na Comhairle comhsheasmhacht sa chóras rialála.

I rith 2012, chomh maith lena ról maidir le clárú agus le hoideachas a chomhlíonadh, rinne an Chomhairle maoirsiú ar fheidhmeanna airgeadais agus rialachas chorparáidigh na heagraíochta. Tá na sonraí faoi ghníomhaíochtaí na Comhairle le feiceáil thíos.

1.4.1 Clárúchán

Struchtúr táillí

I mí Iúil 2012, cheadaigh an Chomhairle lamháltas ar tháillí le haghaidh cleachtóirí reatha atá ag baint leasa as na socruithe idirthréimhseacha lena dtugtar am dóibh chun iarratas a dhéanamh chuig an mBord ar chlárúchán. Beidh an lamháltas sin ar fáil d'iarratasóirí ó gach gairm nuair a osclófar a gclár. Beidh dualgas ar chleachtóirí reatha táille iarratais a íoc chun a n-iarratas clárúcháin a phróiseáil. Cé go mbeidh orthu foirm athnuachana bhliantúil a chomhlánú gach bliain tar éis dóibh clárú, ní bheidh dualgas orthu táille choinneála a íoc go dtí bliain amháin tar éis dhúnadh na hidirthréimhse.

An córas clárúcháin ar líne

I Meán Fómhair, sheol CORU na chéad chomhpháirteanna ar líne dá chóras clárúcháin TFC nua. Is é aidhm an chórais athnuachaintí amach anseo, clárúchán, nuashonrú sonraí, agus cothabháil na dtaifead um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a dhéanamh níos fusa ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Bíonn an pobal in ann úsáid a bhaint as feidhm scagtha %Guardaigh an Clár+a éireoidh níos tábhachtaí i gcónaí de réir mar a thiocfaidh méadú ar líon na gclár agus na gcláraithe gairmiúla. Déanfar an córas iomlán a chur i bhfeidhm de réir a chéile i roinnt céimeanna.

Leis na chéad chomhpháirteanna ar líne atá i bhfeidhm anois, bíonn cláraithe in ann sonraí fostaíochta agus pearsanta atá ag CORU fúthu a dhearbhú agus na sonraí sin a nuashonrú ar an nGréasán. Is féidir clárúcháin a athnuachan ar líne tríd an gcóras freisin agus an táille choinneála a íoc le cárta creidmheasa/dochair.

Leis an gcéad chéim eile, atá le teacht sa bhliain 2013, beifear in ann tuilleadh teagmhála leictreonaí a dhéanamh le cláraithe agus bainistíocht ar fhaisnéis staitistiúil agus ar thaifid a éascú.

Leis na céimeanna ina dhiaidh sin, beidh cláraithe in ann a gcuid taifead um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach féin a choinneáil agus próisis eile a chomhlánú ar líne.

Toghcháin

D'eisigh an Chomhairle creat-treoirlínte le haghaidh na mbord clárúcháin lena n-úsáid chun na nósanna imeachta toghcháin do chomhaltaí a chinneadh.

Rialacha

Rinne an Chomhairle Riail maidir le táillí maidir leis na teorainneacha ama chun an táille choinneála bhliantúil ar chlárúchán a íoc. Is ionann an Riail agus Ionstraim Reachtúil 77 de 2012, dar teideal an Riail um Theorainneacha Ama maidir le Táillí Bliantúla a Íoc chun Clárúchán a Choinneáil, 2012q

1.4.2 Oideachas

Cónascadh na Coistí Clárúcháin agus Oideachais ag deireadh na bliana 2011. Is éard atá sa Choiste comhaltaí den Chomhairle agus comhaltaí seachtracha ag a bhfuil saineolas i gcúrsaí oideachais agus clárúcháin. Rinne an Coiste athbhreithniú ar bheartas oideachais reatha na comhairle i rith 2012 chun dearbhú cáilíochta a chinntiú sna cláir um fhaomhadh. Chomh maith leis sin rinne an Coiste maoirsiú ar fhorbairt na riachtanas maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach le haghaidh cláraithe.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Cuireadh tús leis an gcéad chéim in 2012, ná creatbheartas maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a fhorbairt chun treoir a thabhairt do bhoird chlárúcháin maidir le riachtanais a leagan amach dá ngairm, agus bhí taighde sna réimsí seo a leanas i gceist:

- córais reatha um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach don 12 ghairm atá cumhdaithe faoin Acht
- córais reatha um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach le haghaidh na ngairmeacha eile in Éirinn
- córais agus treochtaí um Forbairt Ghairmiúil Leanúnach sa chomhthéacs rialála idirnáisiúnta.

Sa chéim seo, tugadh faoi chomhairliúchán leathan le páirtithe leasmhara ríthábhachtacha, lena n-áirítear an 12 ghairm ar fad chomh maith le Bord na Radharcmeastóirí, ceardchumann agus fostóirí. Beidh an dara céim, ina bhforbrófar samhail um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach chun críocha clárúcháin, ar siúl in 2013.

1.4.3 Seirbhísí Corparáideacha

Bíonn roinn seirbhísí corparáideacha CORU ag plé le cúrsaí airgeadais, acmhainní, TCF, foirne, rialachais agus cumarsáide.

Acmhainní daonna

Méadaíodh líon na mball foirne in CORU go dtí coibhéis ocht bpost déag lánaimseartha ar an iomlán i rith 2012. Rinneadh ceapacháin nua trí mheascán d'ath-implonú agus earcaíocht sheachtrach tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

TFC

Tá an chéad chéim den chóras clárúcháin TFC nua ar líne beo ó Mheán Fómhair 2012 i leith. Is féidir na sonraí a fháil i rannán 1.4.1 Clárúchán.

Seirbhísí comhroinnte

Thosaigh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar phárolla agus socruithe pinsin CORU a riar ag tús 2012, gan aon chostas ar CORU. I seirbhís saor in aisce eile, thosaigh Lárionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim ag cabhrú le riachtanais phriontála agus dearaidh CORU i dtreo dheireadh na bliana 2012.

1.4.4 Cumarsáid

Lean CORU ar aghaidh le cumarsáid dhíreach a dhéanamh le páirtithe leasmhara i rith 2012. Áiríodh ar an rannpháirteachas sin, comhairliúcháin phoiblí a reáchtáil, cuir i láthair a dhéanamh ag comhdhálacha gairmiúla agus ag comhdhálacha ábhartha eile, iarratais a fhreagairt chun bualadh le grúpaí leasmhara agus ailt a chur le foilseacháin.

Láithreán Gréasáin

Cuireann láithreán Gréasáin CORU (www.coru.ie) ar chumas na heagraíochta cumarsáid éifeachtach a dhéanamh lena spriocphobal, agus ag an am céanna is acmhainn thábhachtach faisnéise le haghaidh gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh é. Thug 3,700 duine ar an meán, ar cuairteoirí nua 83% acu, cuairt ar láithreán Gréasáin CORU gach mí in 2012.

Nuachtlitir

In 2012, sheol CORU nuachtán ráithiúil nua ina gcuirtear faisnéis ar fáil faoinár gcuid gníomhaíochtaí, ról agus feidhmeanna. Bíonn an nuachtán á scaipeadh i bhfad agus i gcéin, agus tá sé ar fáil ar láithreán Gréasáin CORU freisin.

Sábháilteacht othar

I rith 2012, lean CORU de bheith ag plé leis an tairseach faisnéise ar líne, www.healthcomplaints.ie, ina dtugtar faisnéis don phobal faoi conas gearán a dhéanamh nó conas aiseolas a thabhairt maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh in Éirinn. Tá POF CORU ina cathaoirleach ar choiste rialachais an tionscnaimh.

Comhoibriú leis na gairmeacha

Lean CORU ar aghaidh le cumarsáid a dhéanamh le comhlachtaí gairmiúla an 12 ghairm ar fad atá ainmnithe san Acht, sa bhliain 2012, go háirithe leis na hoibrithe sóisialta agus radagrafaithe a bhfuil a gcuid bord ceaptha cheana féin. Bhuaill CORU leis na comhlachtaí gairmiúla ábhartha sula mbunófaí na Boird Chlárúcháin le haghaidh Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Teiripeoirí Saothair agus Daitéiteach.

1.4.5 Gníomhaíochtaí eile

Leasuithe reachtacha

Síníodh an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Leasú) ina dhlí i Nollaig 2012 agus tá sé le tosú sa chéad ráithe de 2013. Baineann na príomhleasuithe a tugadh isteach leis an Acht leis na réimsí seo a leanas:

- ainmníthigh ghairmiúla a cheapadh chun na Comhairle
- athruithe ar na critéir chlárúcháin, lena n-áirítear an chumhacht cead a thabhairt do na Boird Chlárúcháin scéim a chur i bhfeidhm do dhaoine atá ag athchromadh ar a ngairm a chleachtadh
- Treoir an AE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint a chur i bhfeidhm tuilleadh.

Feidhmiúlacht chun cleachtadh

Lean an Chomhairle le hullmhúcháin a dhéanamh le tús a chur leis an gcreat um Feidhmiúlacht chun Cleachtadh. Beidh cúrsaí a bhaineann le feidhmiúlacht chun cleachtadh mar chuid shuntasach d'obair na Comhairle le himeacht ama.

Creatchód Eitice agus Iompair Ghairmiúil

D'fhaomh an Chomhairle plan le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCreatchód Eitice agus Iompair Ghairmiúil, atá cur i bhfeidhm faoi mhaoirseacht an Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh. Baileofar taithí na ngairmeacha a bhain úsáid as an gCreatchód don athbhreithniú chun treoir a chur ar fáil maidir le Cóid Eitice agus Iompair Ghairmiúil a bhaineann le gairmeacha ar leith a fhorbairt.

Eagraíochtaí eile a aistriú chuig CORU

Ag deireadh 2012, thosaigh an Roinn Sláinte ar reachtaíocht a dhréachtú chun go n-éascófar aistriú Bhord na Radharcmeastóirí, lena ndéantar radharceolaithe agus radharcmeastóirí urghnaimh a rialáil.

1.5 Cruinnithe agus coistí na Comhairle 2012

Tháinig Comhairle CORU le chéile sé huairé i rith 2012. Bhí comhaltaí ag fónamh ar choistí na Comhairle freisin (féach thíos). Féach Aguisín 2 le sonraí a fháil faoi fhreastal ar chruinnithe na Comhairle.

Táthar ag súil go mbainfidh an 12 bhreathnadóir a d'ainmnigh an tAire Sláinte in 2011 stádas ballraíochta iomláine amach go luath in 2013, tar éis don Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Leasú), 2012 a bheith sínithe ina dhlí i Nollaig 2012.

Bhí ceithre choiste ag an gComhairle in 2012, a bhí ag plé leis na réimsí seo a leanas:

- airgeadas agus acmhainní
- iniúchadh, riosca agus rialachas
- clárúchán agus oideachas
- feidhmiúlacht chun cleachtadh.

Dhírigh na coistí den chuid is mó ar dul chun cinn a dhéanamh maidir le saincheisteanna clárúcháin, oideachais agus tacaíochta corparáidí, mar atá sonraithe i rannán 1.4 den tuarascáil bhliantúil seo.

<p>Eochair maidir le freastal ar chruinnithe: ½ i láthair X: leithscéal nó as láthair *: Cathaoirleach N: ní rabhtas ar an gCoiste an dáta seo ¼: trí</p>
--

An Coiste Airgeadais agus Acmhainní

Ról: Maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais agus riachtanais acmhainní CORU.

Ballraíocht: Martin Higgins, Pat Quinlan, Dorothy Donovan (go dtí Aibreán), Tony Darmody, Tony McAleer (ó Bhealtaine). Ceapadh Caroline McIntosh chun an choiste i Nollaig 2012.

Príomhghníomhaíochtaí in 2012

Ba é príomhghníomhaíocht an choiste in 2012 an plean gnó bliantúil agus buiséad a fhorbairt, monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas, beartais airgeadais agus acmhainní a athleithroinnt mar is gá i rith na bliana.

Rinne an Coiste an méid seo a leanas chomh maith:

- rinne sé athbhreithniú ar na dréachtráitis airgeadais do dheireadh na bliana 2012
- rinne sé athbhreithniú ar an dréachtbhuiséad agus plean gnó le haghaidh 2013
- rinne sé athbhreithniú agus monatóireacht ar thuarascálacha ráithiúla maidir le hioncam agus caiteachas, lena n-áirítear athraithis
- chuir sé moladh faoi bhráid na Comhairle maidir le Beartas Sceithreachta agus Beartas um Fhreagairt do Chalaois
- rinne sé athbhreithniú ar tháillí coinneála bliantúla agus chuir sé moladh faoi bhráid na Comhairle
- rinne sé an t-athbhreithniú bliantúil ar bheartais airgeadais agus ar nósanna imeachta oibriúcháin.

Freastal:

Ainm	24 Ean	24 Aib	17 Iúil	17 D. Fómh.
Dorothy Donovan	X	X	N	N
Martin Higgins*	½	½	½	½
Tony McAleer	N	N	½	½
Pat Quinlan	½	X	X	½
Tony Darmody	X	½	½	½

An Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais

Ról: Athbhreithniú agus maoirseacht a dhéanamh ar iontaofacht agus ar shláine córais airgeadais, rialaithe inmheánaigh agus faisnéise oibríochtúla, athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis rialachais chorparáidigh agus ar chórais bhainistíochta riosca.

Ballraíocht: Sharon Foley (cathaoirleach go dtí Meitheamh), Tim Dalton, Vincent McCabe, Stephen McMahon (cathaoirleach ó Mheitheamh), Maeve Murphy (ó Mheitheamh) agus Odhrán Allen (ó Mheitheamh).

Príomhghníomhaíochtaí in 2012:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar ráitis airgeadais 2011 agus iad a fhaomhadh agus riachtanais iniúchta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste a chur i bhfeidhm
- Athbhreithniú bliantúil ar an gCód maidir le Rialachas Corparáideach
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus ar chomhlíonadh cánach
- Athbhreithniú agus monatóireacht ar an gclár rioscaí.

Freastal:

Ainm	8 Feabh	6 Meith	21 M. Fómh.	22 Samh	6 Noll
Odhrán Allen	N	½	X	½	½
Sharon Foley*	½	X	N	N	N
Tim Dalton	X	X	½	½	X
Vincent McCabe	½	½	½	X	X
Stephen McMahon*	½	½	½	½	½
Maeve Murphy	N	½	½	½	½

An Coiste Oideachais agus Clárúcháin

Ról: Chun comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartais agus le nósanna imeachta i dtaobh clárúcháin agus oideachais.

Ballraíocht: Ann Taylor (cathaoirleach), Odhrán Allen, Marie Culliton (ó Bhealtaine), Monica Egan (go dtí Lúnasa), Muiris FitzGerald, Lorraine Horgan, Maeve Murphy, Jackie Reed.

Príomhghníomhaíochtaí in 2012:

- Chuir sé moltaí faoi bhráid na Comhairle faoi bheartas agus treoir a fhorbairt maidir leis na próisis chlárúcháin, oideachais agus Údaráis Inniúil.
- Rinne sé monatóireacht ar an tsamhail um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach.

Freastal:

Ainm	18 Aib	28 Bealt	27 Lún	12 Samh
Odhrán Allen	½	½	X	X
Marie Culliton	N	½	½	½
Monica Egan	X	X	N	N
Muiris FitzGerald	X	½	½	½
Lorraine Horgan	½	½	½	X
Maeve Murphy	½	½	½	½
Jackie Reed	½	½	½	½
Ann Taylor*	½	½	½	½

An Coiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh

Ról: Creat um Fheidhmiúlacht chun Chleachtadh a fhorbairt, lena n-áirítear treoir maidir le Cóid Eitice agus Iompair Ghairmiúil a eisiúint, comhairle a thabhairt maidir le beartas a fhorbairt, agus saincheistanna a shainathint i gcúrsaí a bhaineann le feidhmiúlacht chun cleachtadh.

Ballraíocht: Dorothy Donovan (cathaoirleach go dtí Iúil), Richard Booth, Jenny Bulbulia, Fionnuala Cook, Marie Culliton (ó Shamhain), Ursula Fernée (ó Shamhain), David Power (go dtí Meitheamh), Kristin Quinn (ceapadh ina Cathaoirleach i Nollaig í), Emma Stokes.

Príomhghníomhaíochtaí in 2012:

- Chuir sé páipéir faoi bhráid na Comhairle chun bunchloch an tsásra um feidhmiúlacht chun cleachtadh a bhunú, lena n-áirítear páipéir maidir le foirm ghearáin, struchtúr na gcoistí araíonachta agus cumarsáid.
- Chuir sé tús le hathbhreithniú ar an gCreatchód Eitice agus Iompair Ghairmiúil a úsáideann na Boird Chlárúcháin chun a gCóid Eitice agus Iompair Ghairmiúil féin faoi seach a fhorbairt.
- Cheap sé plean tionscadail chun beartais, nósanna imeachta agus treoirlíne a fhorbairt atá le faomhadh ag an gComhairle le deimhin a dhéanamh d'Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.

Freastal:

Ainm	19 Ean	12 Aib	12 Meith	13 Iúil	20 M. Fómh.	24 D. Fómh.	19 Samh
Richard Booth	½	½	½	½	½	½	½
Jenny Bulbulia	½	X	½	½	½	½	½
Fionnuala Cook	½	X	X	X	½	X	X
Marie Culliton	N	N	N	N	N	N	X
Dorothy Donovan*	½	½	X	X	X	½	X
Ursula Fernée	N	N	N	N	N	N	½
David Power	½	½	N	N	N	N	N
Kristin Quinn*	N	½	½	½	½	½	X
Emma Stokes	½	½	½	X	X	X	½

Ceapadh Kristin Quinn ina cathaoirleach gníomhach ar an 20 Meán Fómhair, agus ceapadh í ina cathaoirleach i mí na Nollag.

Chuaigh Jenny Bulbulia sa chathaoir ar an 19 Samhain.

2. Tuarascáil Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta

Is é atá sa Tuarascáil seo ná cuntas ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta i rith 2012, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena háireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2012, mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005.

2.1 Cúlra

I Lúnasa 2010, bunaíodh Bord Clárúcháin na nOibríthe Sóisialta (SWRB) agus é mar an gcéad cheann den 12 bhord atá le bunú faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005. Is é cuspóir an Bhoird

an pobal a chosaint trí iompar gairmiúil agus oideachas, oiliúint agus inniúlacht ghairmiúil ardchaighdeán a chothú i measc chlárúcháin na gairme sin.

Tá 13 chomhalta nach bhfaigheann íocaíocht ar an mBord. Is comhaltaí uata iad seachtar acu (seachtas oibríthe sóisialta), agus is ainmnithigh ghairmiúla an seisear eile, a dhéanann ionadaíocht do na dreamanna seo a leanas:

- oideoirí
- bainisteoirí
- oibríthe sóisialta a sholáthraíonn seirbhísí túslíne.

Féach Aguisín 3: **Cuspóir agus dualgais na mbord clárúcháin, mar atá leagtha amach san Acht**

Féach Aguisín 4: **Sonraí faoi bhallraíocht Bhord Clárúcháin na nOibríthe Sóisialta.**

Osclaíodh an clár le haghaidh oibríthe sóisialta ar an 31 Bealtaine 2011, lena raibh clárú reachtúil oibríthe sóisialta á thabhairt isteach den chéad uair i bPoblacht na hÉireann. Léirítear faisnéis shonrach maidir le gach cláraí ar an gclár agus is féidir breathnú air ar láithreán Gréasáin CORU. Beidh deireadh ag teacht leis an idirthréimhse dhá bhliain inar féidir le hoibríthe sóisialta cleachtacha iarratas a dhéanamh ar chlárúchán (ar a dtugtar seantuismitheoireacht) ar an 31 Bealtaine 2013. Tar éis an dáta seo, ní bheidh ach oibríthe sóisialta cláraithe, nó na daoine a chuir isteach ar chlárú, in ann úsáid a bhaint as an teideal cosanta oibrí sóisialta.

I rith 2012, an chéad bhliain féilire iomlán ina raibh clárú ar siúl, lean Bord Clárúcháin na nOibríthe Sóisialta ar aghaidh ag comhlíonadh a fheidhmeanna maidir leis na réimsí seo a leanas:

- clár comhaltaí de ghairm na hoibre sóisialta a chothabháil, lena n-áirítear deimhnithe clárúcháin a eisiúint
- clár le haghaidh oideachas agus oiliúint na n-iarratasóirí ar chlárúchán a fhaomhadh

- monatóireacht a dhéanamh, i gcomhréir leis an Acht, ar oiriúnacht leanúnach na gclár oideachais agus oiliúna sin.

Anuas air sin, tar éis an chomhairliúcháin phoiblí, rinne an Bord dhá fhodhlí nua maidir le comhaltaí a thoghadh chun Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta agus maidir leis na critéir le hoibrithe sóisialta a chur ar ais ar an gclár.

2.2 Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2012

2.2.1 Clárúchán

Fodhlíthe

Rinne Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta na fodhlíthe seo a leanas tar éis comhairliúchán poiblí agus le faomhadh na Comhairle:

- An Fodhlí um Chomhaltaí a Thoghadh lena gCeapadh chun Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta, 2012
- An Fodhlí um Chritéir chun Oibrithe Sóisialta a Chur ar Ais ar an gClár, 2012.

Ballraíocht an Bhoird agus toghcháin

Beidh 13 chomhalta ar gach ceann de na boird chlárúcháin a cheapfar faoin Acht. Beidh seisear díobh á gceapadh ag an Aire tar éis do chláraithe na gairme sin iad a thoghadh (ar a dtugtar na comhaltaí ~~%gairmiúla+~~de ghnáth) agus ceapfaidh an tAire seachtar díobh (ar a dtugtar na comhaltaí ~~%tuata+~~de ghnáth).

Bhí 13 chomhalta, arb é an líon iomlán é, ag Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta ag tús na bliana 2012. D'éirigh comhalta amháin as oifig in Iúil agus d'éag na téarmaí oifige a bhí ag seisear eile i Lúnasa, ionas nach raibh ach seachtar comhaltaí ar an mBord. Ba le haghaidh comhaltaí den ghairm ar cláraithe iad trí cinn de na folúntais (beirt chleachtóirí agus bainisteoir amháin) agus bhí siad sin le líonadh trí thoghchán.

Nuair a bhí an fodhlí ábhartha déanta i mí Bealtaine, d'fhoilsigh an Bord an Fógra Toghcháin agus an tIarratas ar Ainmniúcháin i Meitheamh. Fuarthas ainmniúchán amháin. Toisc go raibh líon na n-iarrthóirí níos lú ná líon na bhfolúntas sa chatagóir toghcháin, dearbhaíodh go raibh an t-iarrthóir tofa go cuí gan vótáil.

Tá na ceithre fholúntas eile, do chomhaltaí ~~%tuata+~~ le líonadh ag an Aire Sláinte. D'iarr an Roinn, tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, go seolfaí léirithe spéise isteach faoi na catagóirí seo a leanas:

- daoine atá ionadaitheach do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí, na hearnála cúraim shóisialaigh nó an dá earnáil;
- daoine atá ionadaitheach do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal sa Stát a bhfuil baint acu le hoiliúint agus le hoideachas daoine maidir le cleachtadh na gairme;

- daoine atá ionadaitheach do leas an phobail i gcoitinne.

Táimid ag feithimh ar na comhaltaí seo a bheith ceaptha ag an Aire. Idir an dá linn, tá an Bord ag feidhmiú go hiomlán, toisc gurb ionann 40% de na comhaltaí ar fad atá in oifig faoi láthair agus córam ag cruinniú.

Iarratais ar chlárúchán

Anuas ar an ngnáthfhoirm iarratais a chomhlánú agus an táille a éilítear a íoc, ní mór d'iarratasóirí ar chlárúchán ar iontrálaithe nua sa ghairm iad:

- an Bord a shásamh go bhfuil cáilíocht fhaofa acu a chomhlíonann na caighdeáin oilteachta atá leagtha síos ag CORU;
- a bheith ceart oiriúnach chun a ngairm a chleachtadh; agus
- eolas leordhóthanach a bheith acu ar an teanga is gá le cleachtadh sa Stát.

Bhí 154 duine ar Chlár na nOibrithe Sóisialta ag tús na bliana 2012. Ag deireadh na bliana, bhí 214 duine ar an gclár. 196 iontrálaí nua sa ghairm agus 18 gcleachtóir reatha a bhí sna cláraithe sin.

Sula ndéanfaidh Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta cinntí faoi chlárúchán a bhronnadh nó diúltú dó, déanann Coiste Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta athbhreithniú agus measúnú ar iarratais ar chlárúchán, cuireann sé moltaí faoi bhráid an Bhoird agus is féidir leis athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta agus comhairle a chur ar an mBord maidir leis an gciall atá le "ceart cuí" agus saincheisteanna eile, mar is cuí. Tá seachtar comhaltaí de Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta ar an gcoiste. Déantar obair Choiste Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta trí chloí go daingean le rúndacht maidir le faisnéis íogair agus cosaint sonraí.

I rith 2012:

- bhí 117 iarratas nua ar chlárúchán
- bronnadh clárúchán ar 96 iarratasóir
- cuireadh iarratasóir amháin ar ais ar an gclár
- níor diúltaíodh clárúchán iarratasóir ar bith.

Ag deireadh na bliana, bhí 42 iarratas ag an gcéim fíoraithe agus ag feitheamh ar a bheith curtha faoi bhráid Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta in 2013. Tar éis athnuachan

bhliantúil an chlárúcháin ar an 31 Bealtaine, baineadh 16 dhuine den chlár ar bhonn deonach. D'ordaigh an Chomhairle don Bhord ainmneacha 22 cláraí a bhaint den chlár toisc nár íoc siad an táille choinneála.

“Seantuismitheoireacht” le haghaidh cleachtóirí reatha

Déantar foráil in alt 91 den Acht maidir le hidirthréimhse (an tréimhse ~~%seantuismitheoireachta~~) trínar féidir le daoine iarratas a dhéanamh ar chlárú má bhí siad ag cleachtadh sna cúig bliana sular osclaíodh a gclár agus má tá:

cáilíocht Sceideal 3 (Cáilíocht Náisiúnta in Obair Shóisialta (NQSW) agus Deimhniú Cáilíochta in Obair Shóisialta (CQSW) i gcás oibríthe sóisialta) acu

nó

cáilíocht atá iomchuí a dóthain agus atá ar chaighdeán nach ísle ná caighdeán Sceideal 3 acu

nó

measúnú ar inniúlacht ghairmiúil comhlíonta acu go rathúil.

Ní mór d'iarratasóirí an Bord a shásamh freisin go bhfuil siad ~~%eart cuí~~ chun an ghairm a chleachtadh. Tar éis an mheasúnaithe seo, ní mór dóibh foirm iarratais a chomhlánú agus an táille a éilítear a íoc.

Is é an dáta deiridh le haghaidh cleachtóirí oibrí shóisialta ar mian leo a bheith curtha san áireamh do chlárú faoi na critéir seo an 31 Bealtaine 2013. Ní raibh ach 1% de na cleachtóirí reatha tar éis clárú ag deireadh 2012.

Lamháltas táille “Seantuismitheoireachta”

I mí Iúil 2012, cheadaigh an Chomhairle lamháltas ar tháillí le haghaidh cleachtóirí reatha atá ag baint leasa as na socruithe idirthréimhseacha. Beidh dualgas ar chleachtóirí reatha táille iarratais a íoc chun a n-iarratas clárúcháin a phróiseáil. Cé go mbeidh orthu foirm athnuachana bhliantúil a chomhlánú gach bliain tar éis dóibh clárú, ní bheidh dualgas orthu táille choinneála a íoc go dtí bliain amháin tar éis dhúnadh na hidirthréimhse. I gcás oibríthe sóisialta, fágann sé sin nach mbeidh ar na cláraithe seo an táille choinneála a íoc go dtí an 31 Bealtaine 2014.

Clárúchán a athnuachan

Is é an dáta bliantúil chun clárúchán a athnuachan i gcás oibríthe sóisialta an 31 Bealtaine, dáta chothrom an lae a osclaíodh a gClár. Bhí an chéad dáta athnuachana in 2012. Le

hullmhú don mhéid seo, rinne an Chomhairle Ionstraim Reachtúil dar teideal an Riail um Theorainneacha Ama maidir le Táillí Bliantúla a Íoc chun Clárúchán a Choinneáil, 2012.

Cláraithe a bhaint den Chlár

Fuair an Bord faomhadh na Comhairle don nós imeachta chun cead a thabhairt do chláraithe a n-ainmneacha a bhaint den chlár go deonach. Mar atá sonraithe thuas, d'fhág 38 cláraí oibrí shóisialta an Clár tar éis an 31 Bealtaine 2012. Bhí na cláraithe ar fad a baineadh den Chlár ina n-iontrálaithe nua sa ghairm in 2011.

An córas clárúcháin ar líne

Tá céim a haon den chóras clárúcháin TFC ar líne nua beo ó Mheán Fómhair 2012 i leith. Is é aidhm an chórais nua athnuachaintí, clárúchán, nuashonrú, agus cothabháil na dtaifead um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a dhéanamh níos fusa ar chláraithe agus ar iarratasóirí.

Mar thoradh ar an gcóras nua:

- beidh cláraithe reatha in ann sonraí fostaíochta agus pearsanta atá ag CORU fúthu a dhearbhu agus na sonraí sin a nuashonrú ar líne
- beidh cláraithe in ann a gcuid ballraíochta a athnuachan ar líne agus an táille choinneála bhliantúil a íoc ar líne le cárta creidmheasa/dochair
- beidh an pobal in ann cuardach a dhéanamh le féachaint an bhfuil oibrí sóisialta cláraithe.

2.2.2 An tÚdarás Inniúil chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát

Is é Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta an tÚdarás Inniúil d'obair shóisialta i bPoblacht na hÉireann faoi Threoir 2005/36/CE ón AE. Sula gcuireann sealbhóirí ar cháilíochtaí a baineadh amach lasmuigh de Phoblacht na hÉireann isteach ar chlárúchán, ní mór dóibh iarratas a dhéanamh chuig Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta ar aitheantas dá gcáilíochtaí. Déantar a gcáilíochtaí a mheasúnú ansin i gcomparáid leis na caighdeán oilteachta a theastaíonn le haghaidh cáilíochtaí a bhaintear amach sa Stát.

Bhí líon na n-iarratas a rinneadh ar aitheantas do cháilíochtaí idirnáisiúnta i rith 2012, arb ionann é agus 29, i bhfad níos lú ná an 44 iarratas a rinneadh in 2011. Seachas ár gcomharsana sa Bhreatain Mhór agus i dTuaisceart Éireann, agus tíortha na mBéarlóirí amhail SAM, an Astráil agus Ceanada, ba as an Pholainn agus an tSlóvaic formhór na n-iarratas in 2012. Sa tábla thíos, léirítear dáileadh na n-iarratas ar aitheantas a fuarthas in 2012.

Déanann Coiste um Cháilíochtaí Idirnáisiúnta Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta measúnú ar iarratais ar aitheantas do cháilíochtaí, cuireann sé moltaí faoi bhráid an Bhoird agus cuireann sé comhairle ar fáil faoi chúrsaí beartais lena mbaineann. Tá ceathrar comhaltaí de Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta agus triúr comhaltaí nach bhfuil ar an mBord ag a bhfuil saineolas oideachais agus cleachtóra ar an gcoiste. Chríochnaigh triúr de na comhaltaí Bhoird ar an gcoiste seo a dtéarmaí oifige i Lúnasa 2012.

Chun tacú le hobair an Choiste agus Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta i rith 2012, rinne comhaltaí den Phainéal Measúnóirí athbhreithniú ar aitheantas do cháilíochtaí agus chuir siad moltaí faoi bhráid an Bhoird ina leith.

Iarratais ar Aitheantas do Cháilíochtaí i rith 2012

Cineálacha cinnidh / tíortha	IOMLÁIN	An Ghearmáin	An Pholainn	An tSlóvaic	BM & TÉ	SAM	An Astráil	An India
Líon na n-iarratas a fuarthas	29	1	6	3	12	5	1	1
Líon na n-iarratas a próiseáladh	29	1	6	3	12	5	1	1
Líon na gcinntí dearfacha	29	1	6	3	12	5	1	1
Líon na gcinntí diúltacha	0							
Iarratas á scrúdú faoi láthair	0							

2.2.3 Oideachas

An Painéal Measúnóirí

I rith 2012, rinne Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta forbairt bhreise ar fheidhm agus ar ról a Phainéil Mheasúnóirí le cúrsaí a bhaineann le cláir oideachais, measúnú ar inniúlacht ghairmiúil agus le haitheantas do cháilíochtaí idirnáisiúnta a áireamh. Chomh maith leis sin mhéadaigh an Bord ballraíocht an Phainéil chun tuilleadh cleachtóirí a áireamh.

Clár oideachais oibre sóisialta a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu

Thug Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta faoi dhá athbhreithniú iomlána ar chláir agus faoi thrí athbhreithniú monatóireachta le cláir fhaofa, mar chuid dá thimthriall faofa agus monatóireachta:

- **Athbhreithnithe iomlána**
 - Máistreacht in Obair Shóisialta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
 - Baitsiléir i Staidéar Sóisialta, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide

- **Athbhreithnithe monatóireachta**
 - Máistreacht Oibre Sóisialta/Diplóma Iarchéime i Staidéar Oibre Sóisialta, An Coláiste Ollscoile, Corcaigh
 - Máistreacht in Obair Shóisialta/Diplóma Iarchéime in Obair Shóisialta, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide
 - Baitsiléir Oibre Sóisialta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Tar éis na n-athbhreithnithe, bhí Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta sásta go raibh na cláir seo fós oiriúnach. Tá tuarascálacha faoi athbhreithnithe a rinne Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta ar fáil ar láithreán Gréasáin CORU.

2.2.4 Cumarsáid le hoibrithe sóisialta

D'fhreastail POF agus coiste feidhmiúcháin CORU ar chomhdhálacha in 2012 agus ba mhinic a chuaigh siad i dteagmháil dhíreach le hionadaithe Chumann Oibrithe Sóisialta na hÉireann, arb é cumann gairmiúil na n-oibrithe sóisialta é, agus le IMPACT an ceardchumann a dhéanann ionadaíocht do go leor oibrithe sóisialta.

Chomh maith leis sin, bhí cumarsáid leanúnach ann le comhlachtaí a rialálann oibrithe sóisialta i ndlínsí eile.

Cumarsáid le cláraithe oibrí shóisialta féideartha

Roimh dheireadh na hidirthréimhse ar an 31 Bealtaine 2013, thug CORU faoi chlár suntasach cruinnithe duine le duine le roinnt mhaith grúpaí cleachtóirí oibre sóisialta reatha, lena n-áirítear foirne oibrithe sóisialta ó FSS, oibrithe sóisialta údaráis áitiúil, oibrithe sóisialta míchumais, príomhoibrithe sóisialta míochaine, oibrithe sóisialta meabhairshláinte agus grúpaí ó Chumann Oibrithe Sóisialta na hÉireann. Anuas air sin:

- Scaipeadh nuachtlitreacha go forleathan chun feasacht ar na ceanglais rialála nua a spreagadh.
- Priontáladh póstaer faoi chlárúchán agus scaipeadh ar fhostóirí agus ar ghníomhaireachtaí oibre sóisialta ar fud na tíre iad, chun oibrithe sóisialta a spreagadh iarratas ar chlárú a dhéanamh gan mhoill.
- Bhí faisnéis faoi chlárú oibrithe sóisialta ar fáil i Nuachtlitir ráithiúil CORU a scaipeadh go forleathan i rith 2012.
- Bhí ailt faoin ábhar le léamh i bhfoilseacháin eile, lena n-áirítear alt tuairime ón POF a bhí in eagrán Gheimhreadh 2012 d'iris FSS ~~%~~Health Matters+.

2.3 Cruinnithe agus coistí an Bhoird 2012

Tháinig Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta le chéile deich n-uaire in 2012. Tá dátaí agus freastal ar chruinnithe Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta le fáil in Aguisín 3. Tá dátaí agus freastal ar chruinnithe coiste le fáil thíos.

Eochair maidir le freastal ar chruinnithe: ½ i láthair X: leithscéal nó as láthair N: ní rabhthas ar an gcoiste

An Coiste Clárúcháin um Obair Shóisialta

Ainm	18 Ean	29 Feabh	28 Már	4 Iúil	21 Lún	4 D.Fómh.	6 Samh	3 Noll
Val Collier	½	X	½	½	½	½	½	½
Pat Dunne	X	X	X	X	N	N	N	N
Ursula Fernée	X	X	N	N	N	N	N	N
Mary Hargaden	½	X	X	½	N	N	N	N
Ned Kelly	½	½	½	½	½	½	½	½
Valentine O'Kelly	½	½	X	½	X	½	½	½
Cormac Quinlan	X	½	½	½	X	½	½	½

An Coiste um Cháilíochtaí Idirnáisiúnta

Ainm	20 Már	
Monica Egan	½	Ó Aibreán i leith, rinne comhaltaí den Phainéal Measúnóirí athbhreithniú ar cháilíochtaí na n-iarratasóirí agus chuir siad moltaí faoi bhráid an Bhoird.
Denis Gallagher	½	
Fiona Geraghty	½	
Margaret Groarke	½	
Carmel Halton	½	
Ursula Fernée	X	
Ruth Torode	½	

D'úsáid Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta an Painéal Measúnóirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíochtaí agus iad a mholadh don Bhord sa chuid is mó de 2012.

Chríochnaigh na comhaltaí Boird ar an gcoiste seo a dtéarmaí oifige i Lúnasa 2012.

3. Tuarascáil Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe

Is é atá sa Tuarascáil seo ná cuntas ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe i rith 2012, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh lena háireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle, 2012, mar a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005.

3.1 Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na Radagrafaihte ar an 24 Eanáir 2012, agus ba ionann é agus an dara ceann den 12 bhord clárúcháin atá le bunú faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005. Is é cuspóir an Bhoird

an pobal a chosaint trí iompar gairmiúil agus oideachas, oiliúint agus inniúlacht ghairmiúil ardchaighdeán a chothú i measc chláraithe na gairme sin.

Tá 13 chomhalta nach bhfaigheann íocaíocht ar an mBord. Is comhaltaí uata iad seachtar acu (seachas radagrafaihte), agus is ainmnithigh ghairmiúla an seisear eile, a dhéanann ionadaíocht do na dreamanna seo a leanas:

- oideoirí
- bainisteoirí
- radagrafaihte/teiripeoirí radaíochta a sholáthraíonn seirbhísí túslíne.

Ag deireadh 2012, bhí folúntas amháin i gcatagóir na gcomhaltaí uata.

Féach Aguisín 3: **Cuspóir agus dualgais na mbord clárúcháin, mar atá leagtha amach san Acht**

Féach Aguisín 5 : **Sonraí faoi Bhallraíocht Bhord Clárúcháin na Radagrafaihte**

I rith 2012, chomhlíon Bord Clárúcháin na Radagrafaihte a chuid feidhmeanna maidir leis na réimsí seo a leanas:

- ullmhú d'oscailt an Chláir:
 - dréacht-fhodhlíthe a fhorbairt
 - na cáilíochtaí faofa a leagan amach do radagrafaihte agus do theiripeoirí radaíochta lena gcur ar an gclár
 - na critéir agus na caighdeáin oilteachta do chlár oideachais agus oiliúna radagrafaihte agus teiripe radaíochta a fhorbairt
- na beartais agus na nósanna imeachta a fhorbairt a bhfuil gá leo chun radagrafaihte agus teiripeoirí radaíochta a chlárú ar Bhord Clárúcháin na Radagrafaihte.

3.2 Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2012

3.2.1 Ballraíocht an Bhoird

Ag an gcéad chruinniú de Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe ar an 14 Feabhra 2012, roghnaíodh seisear comhaltaí le crannchur, i gcomhréir leis an nós imeachta comhaontaithe, le téarma dhá bhliain a chur isteach. Cuirfidh na comhaltaí eile téarma ceithre bliana isteach. Mheas an Bord go raibh Jason Last, arb é an t-aon duine a bhí ainmnithe le bheith ina Chathaoirleach é, tofa agus cuirfidh sé téarma dhá bhliain isteach.

3.2.2 Ullmhúchán a dhéanamh chun Clár na Radagrafaithe a oscailt

Rinne an Bord ullmhúchán chun Clár na Radagrafaithe a oscailt i rith 2012, lena n-áirítear:

- na dréacht-fhodhlíthe a fhorbairt a bhfuil gá leo:
 - don Chód Eitice agus Iompair Ghairmiúil le haghaidh Radagrafaithe agus Teiripeoirí Radaíochta
 - do na cáilíochta a theastaíonn le bheith ar an gClár
- chun machnamh a dhéanamh ar conas dhá ghairm éagsúla a áireamh faoi bhord clárúcháin amháin. Rinne an Bord scagadh ar an gceist seo i gcomhairle leis an Roinn Sláinte.

D'iarr an Bord ar an gComhairle comhairleoirí a cheapadh le cabhrú le forbairt an dréacht-fhodhlí a eascraíonn as an gCód Eitice agus Iompair Ghairmiúil. Ceapadh na daoine seo a leanas:

- Michelle Leech, Leascheann an Disciplín agus Ollamh Cúnta i dTeiripe Radaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Val Challen, Oifigeach Feidhmiúcháin Oideachais, an Chónaidhm Eorpach um Chumainn Radagrafaithe.

3.2.3 Oideachas

Mar ullmhúchán chun an clár a oscailt, leag Bord Clárúcháin na Radagrafaithe na cáilíochtaí faofa amach chun radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta a chur ar an gclár. Chomh maith leis sin ghlac an Bord leis an bpróiseas faofa agus monatóireachta do chlár oideachais. I Márta, thosaigh an Foghrúpa Oideachais ar chritéir agus caighdeáin oilteachta a fhorbairt do chlár oideachais agus oiliúna radagrafaithe agus teiripe radaíochta. Chuathas i gcomhairle le hoideoirí, cleachtóirí, ceardchumainn agus fostóirí chun na críche sin. Ar iarratas ón mBord, cheap an Chomhairle beirt chomhairleoirí, duine amháin le comhairle a thabhairt

maidir le radagrafaihte diagnóiseacha den chuid is mó agus duine eile le comhairle a thabhairt faoi theiripeoirí radaíochta.

3.3 Cruinnithe an Bhoird agus grúpaí comhairleacha

Tháinig Bord Clárúcháin na Radagrafaihte le chéile naoi n-uaire in 2012. Tá dátaí agus freastal ar chruinnithe Bhoird Clárúcháin na Radagrafaihte le fáil in Aguisín 5. Tá dátaí agus freastal ar chruinnithe an Fhochoiste Oideachais le fáil thíos.

Eochair maidir le freastal ar chruinnithe: ½ i láthair X: leithscéal nó as láthair

An Foghrúpa Oideachais

Ainm	6 M. Fómh.	8 D. Fómh.	13 Samh	19 Samh
Suzanne Dennen	½	½	½	½
Catherine McKenna	½	½	½	½
Louise Rainford	½	½	½	½
Olwyn Ryan	X	X	X	X

Aguisín 1

Cuspóir agus dualgais na Comhairle

De réir an Achta, %s é cuspóir na Comhairle an pobal a chosaint trí iompar gairmiúil agus oideachas, oiliúint agus inniúlacht ghairmiúil ardchaighdeáin a chothú i measc chláraithe na ngairmeacha ainmnithe+.

Dualgais na Comhairle

Is iad cuspóirí na Comhairle, mar atá leagtha amach san Acht:

- maoirsiú agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na mbord clárúcháin
- tacaíocht riaracháin agus cúnamh rúnaíochta a chur ar fáil do bhoird chlárúcháin agus dá gcoistí
- glacadh le hiarratais agus cinntí a dhéanamh faoi chlárúchán a bhaineann le diúltú na mbord clárúcháin do chlárúchán a bhronnadh nó a chur ar ais
- caighdeáin chleachtas do chláraithe na ngairmeacha ainmnithe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na cóid eitice agus iompair ghairmiúil arna nglacadh ag a mboird chlárúcháin
- coistí fiosrúcháin faoi ghearáin, fiosrúcháin agus araíonacht a bhunú, mar atá leagtha amach i gCuid 6 den Acht, i leith chlárítheoirí na ngairmeacha ainmnithe
- cinntí a dhéanamh agus ordacháin a thabhairt faoi Chuid 6 a bhaineann le smachtbhannaí araíonachta a fhorchur ar chlárítheoirí na ngairmeacha ainmnithe
- comhairle a chur ar an Aire, as a stuaim féin nó ar iarratas ón Aire, maidir le gach ní a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle faoin Acht
- boird chlárúcháin a spreagadh chun comhoibriú le chéile, nuair is indéanta é, lena n-áirítear in oideachas agus in oiliúint ghairmiúil na gcláríthe
- treoirínte measúnaithe a eisiúint chun críocha alt 91 (a bhaineann le clárúchán tosaigh na ngairmeacha reatha laistigh de na gairmeacha ainmnithe le linn na cláir a oscailt agus le linn na hidirthréimhse)
- aon fheidhm a chomhlíonadh a shannfaidh an tAire don Chomhairle agus a bhaineann leis an méid a leanas:
 - clárítheoirí aon ghairme ainmnithe, a n-oideachas agus a n-oiliúint agus cleachtadh na gairme

- cur chun feidhme aon treorach nó rialacháin ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh a bhaineann le cleachtadh cúraim shláinte nó cúraim shóisialaigh agus leis an duine atá ag gabháil dó.

Tá ag an gComhairle an chumhacht aon rud a dhéanamh a dhealraíonn di a bheith riachtanach, buntáisteach nó teagmhasach nó a éascaíonn í chun a cuid feidhmeanna faoin Acht a chomhlíonadh.

Aguisín 2

Ballraíocht na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus freastal ar chruinnithe in 2012

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Seo a leanas ballraíocht na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh i rith 2012:

Cathaoirleach:

- Tom Jordan

Duine amháin atá ionadaitheach do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí, na hearnála cúraim shóisialaigh phoiblí nó an dá earráil:

- Jackie Reed

Duine amháin atá ionadaitheach do lucht bainistíochta eagraíochta earrála deonaí nó príobháidí a bhaineann le sláinte nó cúram sóisialach:

- Pat Quinlan

Duine amháin atá ionadaitheach do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal a bhfuil baint acu le hoiliúint agus le hoideachas daoine maidir le cleachtadh na ngairmeacha ainmnithe arna ainmniú ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta:

- Ann Taylor

Seisear atá ionadaitheach do leas an phobail i gcoitinne, arna gceapadh le toiliú an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta:

- Martin Higgins
- Stephen McMahon
- Kristin Quinn

Bhí trí fholúntas ann ag deireadh 2012. D'éirigh Sharon Foley as oifig i Meitheamh, chríochnaigh Julie Ling a téarma oifige i Lúnasa, agus tugadh folúntas amháin anonn nó 2011.

Triúr ag a bhfuil cáilíochtaí, leasanna agus taithí+a measann an tAire Sláinte agus Leanaí "go rachaidh siad chun tairbhe na Comhairle le linn di a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh:

- Jenny Bulbulia
- Dorothy Donovan
- Muiris FitzGerald

Comhalta amháin ó gach ceann den 12 ghairm atá le rialáil:

Ainmníodh i Samhain 2011 iad, agus bainfidh breathnadóirí ón 12 ghairm stádas ballraíochta iomláine amach nuair a bheidh an leasú ar an Acht curtha chun feidhme. Is iad na daoine sin ná:

- Odhrán Allen (teiripeoirí saothair)
- Richard Booth (síceolaithe)
- Marie Culliton (eolaithe míochaine)
- Scoir Monica Egan (oibríthe sóisialta), de bheith ina breathnadóir i Lúnasa 2012 nuair a bhí a téarma oifige mar chomhalta de Bhord Clárúcháin na nOibríthe Sóisialta críochnaithe aici
- Tony McAleer (ortoptaigh)
- Caroline McIntosh (coslianna)
- Halóg Mellet (daietéitigh)
- Michele Monaghan (radagrafaithe)
- John O'Mullane (bithcheimiceoirí cliniciúla)
- Maeve Murphy (teiripeoirí urlabhra agus teanga)
- David Power (oibríthe cúraim shóisialaigh)
- Emma Stokes (fisiteiripeoirí).

Freastal ar chruinnithe na Comhairle 2012

Eochair maidir le freastal ar chruinnithe: ½ i láthair X: leithscéal nó as láthair *: Cathaoirleach N: ní rabhtas ar an gComhairle an dáta seo **: Stádas

Ainm	15 Már	17 Bealt	28 Meith	26 Iúil	1 Samh	6 Noll
Odhrán Allen**	½	½	½	X	½	½
Richard Booth**	½	X	½	½	½	½
Jenny Bulbulia	½	X	½	X	½	½
Marie Culliton**	½	½	X	½	½	X
Dorothy Donovan	½	X	X	½	X	X
Monica Egan**	½	½	½	½	N	N
Muiris FitzGerald	X	½	X	X	½	½
Sharon Foley	½	½	X	N	N	N
Martin Higgins	½	½	½	½	½	X
Tom Jordan*	½	½	½	X	½	½
Julie Ling	½	X	½	X	N	N
Tony McAleer**	½	½	½	½	½	X
Caroline McIntosh**	X	½	X	X	½	½
Stephen McMahon	X	½	½	½	½	½
Halóg Mellet**	½	X	½	X	½	X
Michele Monahan**	½	½	½	½	½	½
Maeve Murphy**	½	½	½	½	½	½
John O'Mullane**	½	½	½	½	½	½
David Power**	½	½	X	X	X	½
Pat Quinlan	½	½	X	½	½	½
Kristin Quinn	½	X	½	X	½	½
Jackie Reed	½	½	½	½	X	½
Emma Stokes**	½	X	½	X	½	½
Ann Taylor	½	½	½	X	½	½

D'éirigh Sharon Foley as oifig i Meitheamh 2012

Chríochnaigh Julie Ling a téarma oifige i Lúnasa 2012

Chríochnaigh Monica Egan a téarma oifige i Lúnasa 2012

Aguisín 3

Cuspóir agus dualgais na mbord clárúcháin

Is é cuspóir an bhoird chlárúcháin de chuid gairme ainmnithe an pobal a chosaint trí iompar gairmiúil agus oideachas, oiliúint agus inniúlacht ghairmiúil ardchaighdeán a chothú i measc chláraithe na gairme sin.

Na dualgais atá ag bord clárúcháin

Is iad na feidhmeanna atá ag bord clárúcháin, mar atá leagtha amach san Acht:

- clár comhaltaí den ghairm ainmnithe a bhunú agus a chothabháil
- deimhnithe clárúcháin a eisiúint
- treoir a thabhairt do chláraithe maidir le hiompar eiticiúil agus treoir agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le cleachtadh na gairme ainmnithe agus forbairt ghairmiúil leanúnach
- monatóireacht a dhéanamh, i gcomhréir leis an Acht, ar oiriúnacht leanúnach na gclár atá faofa ag an mbord le haghaidh oideachas agus oiliúint na n-iarratasóirí ar chlárúchán
- moltaí a dhéanamh i dtaobh smachtbhannaí atá le forchur ar chláraithe na gairme ainmnithe.

Féadfaidh bord clárúcháin an méid seo a leanas a dhéanamh le faomhadh na Comhairle:

- gabháil do thaighde ar oideachas agus ar oiliúint a bhaineann le cleachtadh na gairme ainmnithe, lena n-áirítear curaclaim thurgnamhacha a cheapadh agus measúnú a dhéanamh ar chlár reatha agus ar nósanna imeachta scrúdaithe agus measúnaithe
- taifid staitistiúla a choimeád agus na taifid sin a chur ar fáil le haghaidh taighde agus pleanála.

Aguisín 4

Ballraíocht Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta agus freastal ar chruinnithe in 2012

Seo a leanas ballraíocht Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta an 31 Nollaig 2012:

Seisear comhaltaí ar cláraithe den ghairm agus a bhfuil:

- triúr acu ag gabháil do chleachtadh na gairme:
 - Declan Carey (measadh gur tofa é i Lúnasa 2012)
 - Cormac Quinlan
 - folúntas

Chríochnaigh Monica Egan agus Fiona Geraghty a gcuid téarmaí ar an mBord i Lúnasa 2012.

- beirt acu, mar chomhaltaí den ghairm sin, ag gabháil do bhainistíocht na seirbhísí a sholáthraíonn sí:

- Ursula Fernée
- folúntas

Chríochnaigh Mary Hargaden a téarma ar an mBord i Lúnasa 2012.

- duine amháin acu ag gabháil d'oidreachas agus oiliúint daoine sa Stát maidir le cleachtadh na gairme sin:
 - Suzanne Quin (cathaoirleach go dtí Lúnasa 2012).

Seachtar comhaltaí arna gceapadh ag an Aire, agus a bhfuil:

- duine amháin acu le bheith ionadaitheach do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí, na hearnála cúraim shóisialaigh nó an dá earnáil:
 - folúntas

D'éirigh Pat Dunne as an mBord in Iúil 2012.

- duine amháin acu le bheith ionadaitheach do lucht bainistíochta eagraíochta earnála deonáí nó príobháidí a bhaineann le sláinte nó cúram sóisialach:
 - Val Collier

- duine amháin acu le bheith ~~le~~anadaitheach do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal sa Stát a bhfuil baint acu le hoiliúint agus le hoideachas daoine maidir le cleachtadh na gairme+, agus a ainmneoidh an tAire Oideachais agus Scileanna:

- folúntas

Chríochnaigh Chris Curtin a théarma ar an mBord i Lúnasa 2012.

Tá ceathrar le bheith ~~le~~anadaitheach do leas an phobail i gcoitinne+agus ceapfar iad le toiliú an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta+.

- Ned Kelly
- Valentine O~~Ke~~lly
- 2 fholúntas

Chríochnaigh Damien Courtney agus Denis Gallagher a gcuid téarmaí ar an mBord i Lúnasa 2012.

Freastal ar chruinnithe Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta in 2012

Eochair maidir le freastal ar chruinnithe: ½ i láthair X: leithscéal nó as láthair *: Cathaoirleach N: ní rabhthas ar an mBord an dáta seo

	25 Ean	29 Feabh	28 Már	8 Bealt	30 Bealt	12 Iúil	29 Lún	12 D. Fómh	6 Samh	3 Nollag
Declan Carey	N	N	N	N	N	N	½	½	½	½
Val Collier	½	X	½	½	½	X	½	½	½	½
Damien Courtney	½	X	X	½	½	X	N	N	N	N
Chris Curtin	X	½	½	½	½	½	N	N	N	N
Pat Dunne	X	X	X	X	X	X	N	N	N	N
Monica Egan	½	X	½	½	½	½	N	N	N	N
Ursula Fernée	½	½	X	½	½	½	½	½	½	X
Denis Gallagher	X	½	X	½	½	½	N	N	N	N
Fiona Geraghty	½	½	X	X	½	½	N	N	N	N
Mary Hargaden	X	½	X	X	X	½	N	N	N	N
Ned Kelly	½	½	½	½	½	½	½	½	½	½
Valentine O'Kelly*	½	½	X	X	½	½	½	½	½	½
Suzanne Quin*	½	½	½	½	½	½	½	X	½	½
Cormac Quinlan	½	½	½	X	½	½	½	½	½	½

*Bhí Suzanne Quin ina cathaoirleach go dtí an 29 Lúnasa

*Tá Valentine O'Kelly ina cathaoirleach ón 12 D. Fómh. i leith

D'éirigh Pat Dunne as oifig in Iúil 2012.

D'éag téarmaí oifige seisear comhaltaí ar an mBord i Lúnasa 2012.

Measadh go raibh Declan Carey tofa i Lúnasa 2012.

Aguisín 5

Ballraíocht Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe agus freastal ar chruinnithe in 2012

Seo a leanas ballraíocht Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe an 31 Nollaig 2012:

Seisear comhaltaí ar cláraithe den ghairm agus a bhfuil:

- triúr acu ag gabháil do chleachtadh na gairme:
 - Michele Monahan
 - Caitriona McGrath*
 - Mary P Corridan
- beirt acu, mar chomhaltaí den ghairm sin, ag gabháil do bhainistíocht na seirbhísí a sholáthraíonn sí:
 - Suzanne Dennen*
 - Catherine McKenna*
- duine amháin acu ag gabháil d'oidreachas agus oiliúint daoine sa Stát maidir le cleachtadh na gairme sin:
 - Louise Rainford

Seachtar comhaltaí arna gceapadh ag an Aire, agus a bhfuil:

- duine amháin acu le bheith ionadaitheach do lucht bainistíochta na hearnála sláinte poiblí, na hearnála cúraim shóisialaigh nó an dá earnáil:
 - Bill Maher*
- duine amháin acu le bheith ionadaitheach do lucht bainistíochta eagraíochta earnála deonaí nó príobháidí a bhaineann le sláinte nó cúram sóisialach:
 - Olwyn Ryan
- duine amháin acu le bheith ionadaitheach do bhunaíochtaí oideachais tríú leibhéal sa Stát a bhfuil baint acu le hoiliúint agus le hoideachas daoine maidir le cleachtadh na gairme, agus a ainmneoidh an tAire Oideachais agus Scileanna:
 - Jason Last (cathaoirleach)
- Tá ceathrar le bheith ionadaitheach do leas an phobail i gcoitinne agus ceapfar iad le toiliú an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta:

- Tom Ryan
- Dympna Watson*
- Mary O'Connell
- folúntas

* Roghnaíodh comhaltaí le crannchur i bhFeabhra 2012 le téarma dhá bhliain a chur isteach ar an mBord.

Freastal ar chruinnithe Bhord Clárúcháin na Radagrafaihte 2012

Eochair maidir le freastal ar chruinnithe: ½ i láthair X: leithscéal nó as láthair *: Cathaoirleach

	14 Feabh	14 Már	11 Aib	16 Bealt	13 Meith	25 Iúil	5 D. Fómh	13 Samh	5 Noll
Mary Pat Corridan	½	X	½	X	½	½	½	½	X
Suzanne Dennen	½	½	X	X	½	½	½	½	½
Jason Last*	½	½	½	½	½	½	½	½	½
Bill Maher	½	½	½	½	½	½	X	X	½
Caitriona McGrath	½	½	½	½	½	½	½	½	X
Catherine McKenna	½	½	½	½	½	½	½	½	½
Michele Monahan	½	X	½	½	½	½	½	½	½
Mary O'Connor	½	½	½	½	½	X	½	½	X
Louise Rainford	½	½	½	½	½	½	½	½	½
Olwyn Ryan	½	½	½	½	X	½	X	X	½
Tom Ryan	½	½	½	X	½	½	½	½	X
Dympna Watson	X	½	½	½	½	X	½	½	½

Aguisín 6

Ráiteas maidir le costais

I mí Iúil 2012, cheadaigh an Chomhairle go n-áireofaí íocaíochta taistil agus cothabhála sa tuarascáil bhliantúil, mar chuid de thiomantas CORU do thuarastail agus coinníollacha a nochtadh go hiomlán don phobal.

Tábla Comhairle/Boird

	Taisteal-Náisiúnta	Cothabháil	Taisteal - Thar Lear	Iomlán
	€	€	€	€
An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh Luach saothair an Chathaoirligh	11,023.41	330.25	2,905.41	8,978.00
Bord Clárúcháin na nOibríthe Sóisialta	14,400.67	1,511.13	0	0
Bord Clárúcháin na Radagrafaihte	1,800.85	297.87	0	0
Iomlán	27,224.93	2,139.25	2,905.41	8,978.00

**Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais
don bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2012**

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

CLÁR NA nÁBHAR	LCH
FAISNÉIS	1
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	2-3
RÁITEAS MAIDIR LEIS AN gCÓRAS RIALAITHE AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH	4-5
RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA COMHAIRLE	6
RÁITEAS MAIDIR LEIS NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	7
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	8
CLÁR COMHARDAITHE	9
RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH AIRGID	10
NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	11-16

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Faisnéis

Comhaltaí den Chomhairle Tom Jordan, Cathaoirleach
Jackie Reed
Pat Quinlan
Ann Taylor
Stephen McMahan
Martin Higgins
Kristin Quinn
Dorothy Donovan
Jenny Bulbulia
Muiris Fitzgerald

**Ainmnithigh
chun na Comhairle** John O Mullane
Halog Mellet
Marie Culliton
Odhrán Allen
Tony McAleer
Emma Stokes
Caroline McIntosh
Richard Booth
Michele Monahan
David Power
Maeve Murphy

Ceanncheathrú CORU - An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
13-15 An Meal
Bóthar na Raithní Móire
Áth an Ghainimh
Baile Átha Cliath 18

Iniúcháir An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

Cuntasóirí Crowleys DFK
Cuntasóirí Cairte
16/17 Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

1. Thar ceann na gcomhaltaí den Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, admhaím go bhfuil sé de chúram orainn a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus a fheidhmiú. Ní féidir le córas na rialuithe airgeadais inmheánacha ach cinnteacht réasúnta, seachas cinnteacht iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a sheachaint nó a bhrath in am trátha.

2. Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an gComhairle chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú ar na bealaí seo a leanas:

- Cúraimí bainistíochta a shainiú go soiléir,
- Glacadh le prionsabail an rialachais chorparáidigh atá le fáil sa *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* lena n-áirítear:
 - A dhearbhú gur comhlíonadh na treoirlínte soláthair mar atá leagtha amach sa Chód
 - A dhearbhú gur comhlíonadh diúscairt sócmhainní agus rochtain tríú páirtithe ar shócmhainní mar atá leagtha amach sa Chód
 - A dhearbhú gur cuireadh beartas an Rialtais maidir le luach saothair an POF i bhfeidhm
 - Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta agus iad a thabhairt chun críche chun éifeachtacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chinntiú.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus a sócmhainní a chosaint.

Tá córas na rialuithe airgeadais inmheánacha bunaithe ar chreatlach faisnéise bainistíochta rialta, ar chóras tharmligin agus cuntasachta, ar shraith nósanna imeachta airgeadais, ar nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear dualgais a dhealú agus seiceálacha diana leanúnacha ag an bhfeidhm airgeadais. Áirítear air go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe ag a bhfuil buiséad bliantúil, a ndéanann comhaltaí den Chomhairle a athbhreithniú agus a fhaomhadh.
- Teorainneacha údaraithe a shocrú chun cistí na Comhairle a eisíoc.
- Athbhreithniú rialta ag comhaltaí den Chomhairle ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta), a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséid.

Bunaíodh an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais in 2009. Tagann an Coiste le chéile ceithre huair sa bhliain ar a laghad.

Chomh maith leis sin, cheap an Chomhairle Coiste Airgeadais agus Acmhainní le hathbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar an mbuiséad bliantúil agus ar na tuarascálacha airgeadais bliantúla.

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Sásraí chun leordhóthanacht shlándáil na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta rialaithe cuí a bhunú.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gComhairle a thuairiscíonn do Choiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais na Comhairle. Feidhmíonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh i gcomhréir leis an gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuireann obair an iniúchóra inmheánaigh sheachfhoinsithe agus an Choiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais faisnéis ar fail ar mhaithe le monatóireacht agus athbhreithniú na Comhairle ar éifeachtacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Tá coiste feidhmiúcháin na Comhairle freagrach as creatlach na rialuithe inmheánacha a fhorbairt agus a chothabháil.

3. Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe

Dearbhaím gur thug an Chomhairle faoi athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012.

Tom Jordan
Cathaoirleach

Dáta

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Comhairle

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005.

Is Comhlacht reachtúil í atá freagrach as a chinntiú go mbíonn gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh ag cleachtadh i dtimpeallacht rialaithe, rialáilte agus shábháilte ar bhealach a chinnteoidh soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh ardchaighdeáin don phobal.

Faoi Chuid 1, Alt 21, den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, ceanglaítear ar an gComhairle na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choimeád ar an airgead go léir a fhaigheann sí nó a chaitheann sí, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici, ceanglaítear ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:-

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breitheanna agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh murar cuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag feidhmiú.
- imeacht ábhartha ar bith ó na Caighdeáin Chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Deimhníonn an Chomhairle gur chomhlíon siad na ceanglais thuas le linn dóibh na ráitis airgeadais a ullmhú. Tá an Chomhairle freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, ina nochtar le cruinneas réasúnta tráth ar bith seasamh airgeadais na Comhairle agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Cuid 1, Alt 21 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005. Tá an Chomhairle freagrach as a cuid sócmhainní a chosaint freisin agus dá bhrí sin, as bearta réasúnta a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tom Jordan
Cathaoirleach

Ginny Hanrahan
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

Dáta

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

An Ráiteas maidir leis na Beartais Chuntasaíochta

Ginearálta

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 d'fhonn gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh ainmnithe a rialáil. Foráiltear leis an Acht freisin maidir le díscáileadh an Bhoird Cháilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta agus le haistriú a fhoirne, a shócmhainní agus a dhliteanas. Díscáileadh an Bord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta an 31 Márta 2011.

1. **Bonn na Cuntasaíochta**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhráithe cuntasaíochta, seachas mar a léirítear thíos, de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta de réir mar a thagann siad i ngníomh. Is é an Euro an t-aonad airgeadra.

2. **Deontas an Oireachtais**

Tugtar cuntas i leith an ioncaim a léirítear sna cuntais faoi Dheontais an Oireachtais ar bhonn fáltais airgid.

3. **Sócmhainní Seasta agus Dímheas**

- (i) Luaitear sócmhainní seasta de réir costais lúide dímheas carntha.
- (ii) Déantar sócmhainní seasta a dhímheas de réir a gcostais stairiúil lúide dímheas carntha. Cuirtear dímheas chun dochair don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir méid chothroim, de réir na rátaí atá leagtha amach thíos, d'fhonn na sócmhainní, arna gcoigeartú le haghaidh luach iarmharach a dhíscríobh, thar a saolré úsáideach ionchais mar seo a leanas:

Troscán & Feistis	20%
Trealamh oifige/TF	33.3%

4. **Cuntas Caipitil**

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh leis na sócmhainní seasta a mhaoiniú.

5. **Aoisliúntas**

Foráiltear le hAlt 13 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 maidir le scéim(eanna) aoisliúntais a bhunú ag an gComhairle. Scéim sochair shainithe atá sa scéim chun críche Acht na bPinsean, 1990. Tá an scéim á feidhmiú ar bhonn riaracháin go dtí go ndéanfaidh an tAire Sláinte í a fhaomhadh le toiliú an Aire Airgeadais.

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2012

	Nótaí	Bliain dar Chríoch	Bliain dar Chríoch
		31 Nollaig 2012	31 Nollaig 2011
		€	€
Ioncam			
Deontas an Oireachtais	1	1,619,638	1,211,932
Táillí Clárúcháin		66,470	39,510
Ioncam Ilghnéitheach		1,830	345
Ioncam Iasachta	2	108,298	81,336
Asbhaintí Aoisliúntas Fostaíochta		35,920	29,050
		<u>1,832,156</u>	<u>1,362,173</u>
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	12	(66,930)	(39,488)
		<u>1,765,226</u>	<u>1,322,685</u>
Caiteachas			
Tuarastail	6	1,003,717	711,490
Taisteal		18,940	12,762
Costais Bhunaithe	3	60,922	63,465
Riarachán Oifige	4	290,563	339,123
Clárúchán	5	35,939	25,637
Táillí Díl agus Gairmiúla	7	163,713	101,597
Oideachas/FGL		44,275	5,842
Táillí Iniúcháireachta		6,710	9,945
Táillí Cuntasaíochta		96,042	63,659
Seirbhísí Párolla		-	4,300
Dímheas		29,198	12,835
		<u>1,750,019</u>	<u>1,350,655</u>
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		15,207	(27,970)
Barrachas a aistrítear ón NSWQB		-	60,066
Barrachas ag tús na bliana		48,023	15,927
Barrachas ag deireadh na bliana		<u><u>63,230</u></u>	<u><u>48,023</u></u>

Tá na cailteanais agus gnóchain ar fad aitheanta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Tá an Ráiteas maidir leis na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 17 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Tom Jordan
Cathaoirleach

Ginny Hanrahan
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

Dáta

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

	Nótaí	31 Nollaig 2012 €	31 Nollaig 2011 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní atá á bhForbairt	8	84,000	-
Sócmhainní Inláimhsithe	9	<u>49,289</u>	<u>66,359</u>
		133,289	66,359
Sócmhainní Reatha			
Airgead sa Bhanc		87,714	108,028
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	10	<u>18,593</u>	<u>28,213</u>
		106,307	136,241
Creidiúnaithe (Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain)			
Creidiúnaí agus Fabhruithe	11	<u>(43,077)</u>	<u>(88,218)</u>
		<u>63,230</u>	<u>48,023</u>
Iomlán na Sócmhainní		<u>196,519</u>	<u>114,382</u>
Arb ionannas dóibh			
Cuntas Caipitil	12	133,289	66,359
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		<u>63,230</u>	<u>48,023</u>
		<u>196,519</u>	<u>114,382</u>

Tá an Ráiteas maidir leis na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 17 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Tom Jordan
Cathaoirleach

Ginny Hanrahan
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

Dáta

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid don bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2012

	<i>Nótaí</i>	<i>Bliain dar Chríoch</i> 31 Nollaig 2012	<i>Bliain dar Chríoch</i> 31 Nollaig 2011
		€	€
Barrachas a réiteach le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas don bhliain		15,207	48,023
Muirear dímhéasa	9	29,198	12,835
Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe		9,620	(21,704)
(Méadú)/Laghdú ar chreidiúnaithe		(45,141)	66,148
Gluaiseacht sa chuntas caipitil		66,930	24,232
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		<u>75,814</u>	<u>129,534</u>
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid			
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		75,814	129,534
Toradh ar Infheistíochtaí agus Airgeadas a Sheirbhísiú			
Caiteachas Caipitil	8 & 9	(96,128)	(52,885)
(Laghdú)/Méadú ar airgead sa bhliain		<u>(20,314)</u>	<u>76,649</u>
Glansreabhadh airgid a réiteach le gluaiseacht i nglanchistí			
(Laghdú)/méadú glan ar airgid agus ar choibhéis airgid		(20,314)	76,649
Glanchistí ag tús na bliana		108,028	31,379
Glanchistí ag deireadh na bliana		<u>87,714</u>	<u>108,028</u>

Tá an Ráiteas maidir leis na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 17 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Tom Jordan
Cathaoirleach

Ginny Hanrahan
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

_____Dáta

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Deontas an Oireachais	2012	2011
	€	€
An Roinn Sláinte	1,619,638	1,211,932
	<u>1,619,638</u>	<u>1,211,932</u>

Rinne an Chomhairle ioncaim ó dheontais a tharraingt anuas go díreach ón Roinn Sláinte in 2012. Tá Deontais Chaipitil " 83,638 (2011:" 52,249) ar áireamh sna figiúirí thuas.

2. Ioncam Iasachta	2012	2011
	€	€
An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA)	108,298	81,336
	<u>108,298</u>	<u>81,336</u>

Baineann an t-ioncam seo le beirt bhall foirne den Bhord Cáilíochtaí Náisiúnta do Obair Shóisialta a ath-implonáíodh go buan trí shocrú iasachta chuig HIQA ar dhíscaoileadh an NSWQB an 31 Márta 2011. Beidh an socrú iasachta seo fós i bhfeidhm go dtí go gcuirfear reachtaíocht leasaithe i bhfeidhm a chuirfidh ar chumas HIQA na baill foirne a cheapadh ar bhonn buan. Déantar a gcostais tuarastail a athmhúirearú ar HIQA ar bhonn míosúil.

3. Costais Bhunaithe	2012	2011
	€	€
Cíos, Rátaí & Muirir Sheirbhíse	-	10,785
Deisiúcháin & Cothabháil	17,909	10,824
Solas & Teas	21,293	11,278
Glanadh	9,806	8,369
Árachas	7,368	6,053
Slándáil	4,546	3,973
Costais Athlonnaithe	-	12,183
	<u>60,922</u>	<u>63,465</u>

I Márta 2011, bhog an Chomhairle go dtí cóiríocht oifige nua in Áth an Ghainimh atá á ligean ar léas ag HIQA. Bhí gá le cothabháil agus deisiúcháin riachtanacha toisc go raibh an foirgneamh folamh ar feadh trí bliana. Íocadh cíos, rátaí agus muirir sheirbhíse le haghaidh Eanáir/Feabhra 2011 maidir leis an spás oifige a bhí á úsáid ag NSWQB & HSCPC i dteannta a chéile i Sráid Bhagóid.

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

4. Riarachán Oifige	2012	2011
	€	€
Teileafón	12,046	11,554
Forbairt TF	11,981	5,642
Ceadúnais & Cothabháil TF	14,455	2,772
Tacaíocht TF	34,765	11,613
Stáiseanáireacht & Costais Oifige	29,246	26,396
Muirir Earcaíochta & Foireann Ghníomhaireachta	39,479	175,440
Oiliúint Foirne & Comhdhálacha	47,112	25,137
Táillí na gCathaoirleach	8,978	8,978
Oiliúint na gCathaoirleach	3,475	2,550
Costais an Bhoird	57,099	33,555
Síntiúis	3,986	5,278
Muirir Bhainc	1,076	964
Soláthairtí Oifige	5,731	7,140
Priontáil agus Foilseacháin	21,134	22,104
	<u>290,563</u>	<u>339,123</u>

4(a). Miondealú ar Chostais an Bhoird	2012	2011
	€	€
Costais na gCathaoirleach	329	604
Cruinnithe na Comhairle . Fruiliú Seomraí	8,251	2,265
Cruinnithe na Comhairle . Taisteal	13,102	3,358
Costais Thoghcháin na Comhairle	1,037	-
Fochoiste . Fruiliú Seomraí	670	-
Fochoiste . Taisteal	1,832	-
Cruinnithe na mBord Clárúcháin . Fruiliú Seomraí	7,452	3,931
Cruinnithe na mBord Clárúcháin . Taisteal	20,918	23,397
Boird Chlárúcháin. Oiliúint	3,508	-
	<u>57,099</u>	<u>33,555</u>

5. Clárúchán	2012	2011
	€	€
Measúnú ar Iarratais	1,466	-
Bainistiú Próiseas agus Cur i bhFeidhm	18,092	25,637
<u>Comhairliúchán Poiblí</u>	16,381	-
	<u>35,939</u>	<u>25,637</u>

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

6. Tuarastail	2012	2011
	€	€
Tuarastail	971,872	560,694
Costais Phinsean	31,845	150,796
	<u>1,003,717</u>	<u>711,490</u>

Báronann líon iomlán na CL a bhí fostaithe ag an gComhairle ag deireadh na bliana agus 16, anuas ar an POF (2011 : 10). Áirítear ar an muirear seo na costais a bhaineann le beirt bhall foirne a ath-ímlonnaíodh chuig HIQA ar dhíscaoileadh an NSWQB nach bhfuil ar áireamh sa CL.

€

Iomlán na dtuarastal a íocadh	971,872
Costais na foirne ar iasacht (níl siad ar áireamh in CL)	(108,298)
Costais foirne	863,574

Asbhaineadh tobhach pinsin " 45,773 (2011: " 24,089) as na tuarastail agus íocadh leis an Roinn Sláinte é.

Tá costais phá " 212,399 maidir le foireann na Roinne Clárúcháin ar áireamh sna Tuarastail.

Luach Saothair an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin

Déanann Ospidéal Beaumont costais tuarastail an POF a athmhúirearú ar an gComhairle. Báronann an tsuim iomlán a aisíocadh le hOspidéal Beaumont i ndáil le tuarastal an POF in 2012 agus " 106,779 (2011-" 105,630), pinsean " 21,055 (2011-" 21,055) agus muirear riaracháin " 750 (2011-" 750). Léirítear na suimeanna seo i gCostais na dTuarastal thuas. Ní bhfuair an POF aon phá bunaithe ar fheidhmíocht ná aon liúntas BIK. Ní théann teidlíocht phinsin an POF thar na gnáth-theidlíochtaí i scéim aoisliúntais eiseamláireach sochair shainithe na hearnála poiblí.

Dheimhnigh an POF costais maidir le Taisteal agus Cothabháil arbh ionann iad agus " 7,986 in 2012 (2011: " 4,608) agus ina raibh " 5,894 maidir le taisteal thar lear ar áireamh (" 1,923 in 2011).

Íocadh na táillí seo a leanas le Cathaoirleach an Bhoird i rith na bliana:

	2012	2011
	€	€
Tom Jordan	8,978	8,978
	<u>8,978</u>	<u>8,978</u>

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

7. Táillí Dlí agus Gairmiúla	2012	2011
	€	€
Táillí Dlí - Ginearálta	21,162	30,624
Táillí Dlí . Rialála	63,706	-
Soláthar	4,663	7,340
Cumarsáid	40,307	23,255
Sainchomhairleoirí - Athbhreithniú ar Struchtúr Táillí	-	25,713
Sainchomhairleoirí - Forbairt Eagraíochta	23,420	6,058
Sainchomhairleoirí - AD	-	8,607
Sainchomhairleoirí . Bainistíocht Sláinte & Sábhálteachta	4,305	-
Sainchomhairleoirí . Forbairt Straitéise	6,150	-
	<u>163,713</u>	<u>101,597</u>

8. Sócmhainní atá á bhForbairt Cáis/	Córas Bainistithe
	Oideachais/ Clárúcháin
HSCPC	€
Costas	
Costas amhail ag an 1 Eanáir 2012	-
Costais forbartha chaipitlithe	84,000
Amhail an 31 Nollaig 2012	<u>84,000</u>

Déantar costais forbartha an chórais a chaipitliú mar a thabhaítear iad. Ní thosóidh dímheas na sócmhainne go dtí go mbeidh an tsócmhainn á húsáid.

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

9. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	Daingneáin		Trealamh
	agus Feistis €	TF/Oifige €	Iomlán €
Costas			
Costas amhail an 1 Eanáir 2012	26,967	114,645	141,612
Breithe sa bhliain	4,530	7,598	12,128
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2012	<u>31,497</u>	<u>122,243</u>	<u>153,740</u>
Dímheas			
Dímheas Camtha amhail an 1 Eanáir 2012	11,904	63,349	75,253
Dímheas sa bhliain	6,300	22,898	29,198
Diúscairtí sa bhliain	-	-	-
Dímheas Camtha amhail an 31 Nollaig 2012	<u>18,204</u>	<u>86,247</u>	<u>104,451</u>
Glanluach de réir na Leabhar			
Amhail an 31 Nollaig 2012	<u>13,293</u>	<u>35,996</u>	<u>49,289</u>
Amhail an 31 Nollaig 2011	<u>15,063</u>	<u>51,296</u>	<u>66,359</u>

10. Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí	2012 €	2011 €
Féichiúnaithe Eile	9,079	9,037
Réamhíocaíochtaí	9,514	19,176
	<u>18,593</u>	<u>28,213</u>

Meastar go bhfuil gach iarmhéid féichiúnaí inghnóthaithe laistigh de bhliain amháin.

11. Creidiúnaithe (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain) 2012	2012	2011
	€	€
Creidiúnaithe Trádála	-	420
Cáin Bhreisluacha	1,313	-
Cárta Creidmheasa	1,322	2,053
Fabhruithe	40,442	85,745
	<u>43,077</u>	<u>88,218</u>

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

12. Cuntas Caipitil	2012	2011
	€	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	66,359	11,615
Iarmhéid aistrithe chuig NSWQB	-	15,256
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim & Caiteachais: Cistiú chun sócmhainní seasta a fháil	96,128	52,885
Lúide: Méid a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní	-	(562)
Lúide: Amúchadh ar aon dul le dímheas	(29,198)	(12,835)
	<hr/>	<hr/>
	66,930	39,488
<u>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</u>	<u>133,289</u>	<u>66,359</u>

13. Comhaltaí den Chomhairle - Leasanna a nochtadh

Chomhlíon an Chomhairle na treoirlínte a d'ádh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí den Chomhairle agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann le linn na tréimhse maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle ina raibh aon leasanna tairbhiúla ag Comhaltaí den Chomhairle.

14. Cóiríocht Oifige

Tá áitreabh á áitiú ag an gComhairle i gCúirt an Rabhcháin, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18, agus tá sé ceadúnaithe acu ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) go dtí 2016. Soláthraíodh an chóiríocht oifige i gcomhchineál. Meastar gurb ionann luach an tsochair chomhchineáil seo agus " 380,000 gach bliain.

15. Ceangaltais Chaipitil CORU

Tá ceangaltais ag CORU maidir le tionscadal caiteachais TFC a bhaineann le Córas Bainistithe Cáis/Clárúchain/Oideachais HSCPC a bhunú. Tá an tionscadal agus an caiteachas á roinnt thar chéim 5 bliana. Ag dáta an chláir chomhardaithe, bhí ceangaltais gan íoc ag CORU le haghaidh íocaíochtaí amach anseo ar an tionscadal, agus meastar gurb ionann iad agus " 162,292.

16. Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh roinnt athruithe ar chur i láthair na míreanna sna ráitis airgeadais agus rinneadh na figiúirí comparáideacha a athaicmiú nuair is gá ar bhonn atá ag teacht le cur i láthair na bliana reatha.

17. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais ar an_____.

